An tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Comhaltaí Ollscoile), 2016

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 12 d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937 (Uimh. 30 de 1937) (arna oiriúnú leis an Ordú Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2011 (I.R. Uimh. 193 de 2011)), ordaímse, Alain Ó Ceallaigh, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo mar a leanas:

1 Féadfar an tOrdú Olltoghcháin don Seanad (Comhaltaí Ollscoile), 2016 a ghairm den Ordú seo.

2 Tá feidhm ag an Ordú seo maidir le holltoghchán an tSeanaid a dhéanfar de chionn lánscor Dháil Éireann an 3 Feabhra 2016.

3 Is é an 3 Márta 2016 an lá deiridh don cheann comhairimh glacadh le hainmniúchán i dtoghdas ollscoile.

4 Déanfar páipéir bhallóide a eisiúint agus a chur leis an bpost chuig toghthóirí i dtoghdas ollscoile an 21 Márta 2016.

5 Cuirfear críoch leis an vótaíocht i dtoghdas ollscoile ar 11.00 a.m. an 26 Aibreán 2016.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
5 Feabhra 2016.

L.S. Alain Ó Ceallaigh

Aire Comhshaoil, Pobail agus
Rialtais Áitiúil